

## Cuntas Leithreasa 2023

---

### Vóta 10

### An Coimisiún um Achomhairc Chánach

---

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, tá orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar chostais an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €688,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an ráiteas faoi pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas ar pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gcioclán 22 de 2023 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Seo a leanas saolréanna úsáideacha agus rátaí amúchta gaolmhara na mór-aicmí sócmhainní doláimhsithe:

| <i>Aicme</i>                           | <i>Saolré Úsáideach</i> | <i>Ráta amúchta *</i> |
|----------------------------------------|-------------------------|-----------------------|
| Ceadúnas bogearraí                     | 5 bliana                | 20%                   |
| Bogearraí faighte/ Bogearraí forbartha | 10 bliana               | 10%                   |

## Ráiteas ar an rialú inmheánach airgeadais

### *Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Coimisiún córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chur i bhfeidhm, a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí tacaíochta***

Bunaíodh nósanna imeachta maidir le seirbhísí tacaíochta agus cuntasáíochta an Choimisiúin a riarann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim in 2016 nuair a bunaíodh an Coimisiún. Rinneadh athbhreithniú ar an gcomhaontú seirbhíse idir an Coimisiún agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach freagrachtaí na bpáirtithe agus rinneadh comhaontú seirbhíse athbhreithnithe a aontú agus a shíniú ar an 12 Feabhra 2021. Clúdaíonn an comhaontú seo cuntais agus airgeadas go príomha.

I ndáil le soláthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla, tugaim faoi deara an ráthaíocht a thugann Oifigeach Cuntasáíochta Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do na Coimisinéirí Ioncaim.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgais maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmáilín agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú bliantúil air
- go ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Choimisiún
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil chórais TFC an Choimisiúin a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte iomchuí infheistíochta caipitil i bhfeidhm
- go gcinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh leis na treoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

### ***Iniúchadh inmheánach***

Fostaíonn an Coimisiún gnólacht cuntasóirí chun seirbhísí iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe a sholáthar. Tuairiscíonn an t-iniúcháir inmheánach domsa agus go neamhspleách don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a fhaigheann, a athbhreithníonn agus a cheadaíonn plan oibre iniúcháireachta inmheánaí trí bliana leanúnach i gcomhar le foireann bainistíochta an Choimisiúin.

In 2024, rinne an t-iniúcháir inmheánach tuairisciú ar an athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais in 2023, rud a thug dearbhú réasúnach i ndáil leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm. Bonn eolais den fheidhm iniúcháireachta inmheánaí is ea an anailís ar na rioscaí sin a bhfuil an Coimisinéir neamhchosanta orthu, agus tá a chuid plananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na plananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta.

Déanann mé athbhreithniú ar an fheidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

### ***Coiste Iniúcháireachta agus Riosca***

Cuireann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ráthaíocht neamhspleách ar fáil don Choimisiún maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht córais rialaithe inmheánaigh, timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialaithe de chuid na heagraíochta. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar obair na feidhme iniúcháireachta inmheánaí agus tugann siad aird ar leith ar thuarascáil bhliantúil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an litir bhainistíochta ina dhiaidh sin. Maidir leis an gCoiste, a bhfuil mar choiste comhairleach seachas coiste maoirseachta, cuireann sé dearcadh neamhspleách ar fáil ar phróiseas tuairiscithe airgeadais, rialuithe inmheánacha agus feidhmeanna iniúcháireachta an Choimisiúin. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste eolas a chur ar fáil agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéis bainistíochta riosca an Choimisiúin. Déanann an Coiste éacht thábhachtach ar son éifeachtúlacht fheidhm rialachais chorparáidigh an Choimisiúin.

### ***Soláthar***

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas soláthair i ndámhachtain na gconarthaí uile agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirínte ábhartha uile a chinntiú. B'ionann caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas na foirne ar conradh, agus €0.622 milliún san iomlán in 2023.

Tá sonraí maidir le chonradh neamh-iomaíochta amháin curtha ar fáil ag an gCoimisiún sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

### ***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún ina n-aithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhnaíochtaí bainistíochta atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Choimisiún agus déanfar iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Athbhreithnithe Riosca agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus an freagracht i leith oibriú na rialuithe, a shanntar ar bhaill foirne ar leith.

### ***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear rialú ar easnaimh in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht ar bhealach tráthúil. Dearbháim gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh a aithníodh.

### ***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Tá nósanna imeachta ag an gCoimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Choimisiún atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

### ***Deacrachtaí rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023 atá le nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Marie-Claire Maney**

Oifigeach Cuntasaíochta

An Coimisiún um Achomhairc Chánach

27 Márta 2024

## **An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**

### **Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

## **Vóta 10 – An Coimisiún um Achomhairc Chánach**

### **Tuairim faoin gcuntas leithreasa**

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 10 – An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 10 – An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

### ***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an gCoimisiún um Achomhairc Chánach agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### **Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

26 Meitheamh 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhiráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaitnínm agus measúnaím rioscaí an mhiráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaitnínm le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhír sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaitnínm aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 10, An Coimisiún um Achomhairc Chánach

### Cuntas Leithreasa 2023

|                          |                                         | 2023                    | 2022         |
|--------------------------|-----------------------------------------|-------------------------|--------------|
|                          |                                         | Soláthar<br>meastacháin | Toradh       |
|                          |                                         | €000                    | €000         |
| <b>Caiteachas chláir</b> |                                         |                         |              |
| A                        | Éascú ar achomhairc chánach a éisteacht | 3,705                   | 2,987        |
| <b>Glancaiteachas</b>    |                                         | <b>3,705</b>            | <b>2,987</b> |
| <i>Lúide</i>             |                                         |                         |              |
| B                        | <b>Leithreasaí-i-gcabhair</b>           | <b>84</b>               | <b>54</b>    |
| <b>Glancaiteachas</b>    |                                         | <b>3,621</b>            | <b>2,933</b> |

#### Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear, faoi réir géillte don Státhchiste.

|                               | 2023           | 2022           |
|-------------------------------|----------------|----------------|
|                               | €              | €              |
| <b>Farasbarr le géilleadh</b> | <b>688,444</b> | <b>516,287</b> |

#### Marie-Claire Maney

Oifigeach Cuntasaíochta  
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

27 Márta 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

|                                                                     | 2023         | 2022         |
|---------------------------------------------------------------------|--------------|--------------|
|                                                                     | €000         | €000         |
| Pá                                                                  | 2,365        | 2,511        |
| Neamhphá                                                            | 622          | 478          |
| <b>Glanchaiteachas</b>                                              | <b>2,987</b> | <b>2,989</b> |
| <i>Lúide</i>                                                        |              |              |
| <b>Leithreasaí-i-gcabhair</b>                                       | <b>54</b>    | <b>62</b>    |
| <b>Glanchaiteachas</b>                                              | <b>2,933</b> | <b>2,927</b> |
| <b>Athraithe i sócmhainní caipitil</b>                              |              |              |
| <b><i>Athruithe ar mhaoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i></b> |              |              |
| Dímheas                                                             | 23           |              |
| <b><i>Athruithe ar shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i></b>      |              |              |
| Ceannacháin                                                         | (379)        |              |
| Amúchta                                                             | 34           |              |
|                                                                     | (322)        | (91)         |
| <b>Athruithe ar ghlansócmhainní reatha</b>                          |              |              |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí                                          | 18           |              |
| Méadú ar chostais fhabhráithe                                       | 17           |              |
|                                                                     | 35           | (10)         |
| <b>Caiteachas díreach</b>                                           | <b>2,646</b> | <b>2,826</b> |
| <b>Caiteachas a tabhaíodh in áit eile</b>                           |              |              |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)                  | 634          | 636          |
| <b>Glanchoistas cláir</b>                                           | <b>3,280</b> | <b>3,462</b> |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 10 a iompraíodh in áit eile.

|                                                      | 2023       | 2022       |
|------------------------------------------------------|------------|------------|
|                                                      | €000       | €000       |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim                | 20         | 29         |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí                   | 579        | 575        |
| Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 35         | 32         |
|                                                      | <b>634</b> | <b>636</b> |

**Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023**

|                                       | Tabhair do<br>d'aire | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---------------------------------------|----------------------|--------------|--------------|
| <b>Sócmhainní seasta</b>              |                      |              |              |
| Maoín, gléasra agus trealamh          | 2.1                  | 18           | 41           |
| Sócmhainní doláimhsithe               | 2.2                  | 583          | 238          |
| <b>Sócmhainní seasta iomlána</b>      |                      | <b>601</b>   | <b>279</b>   |
| <b>Sócmhainní reatha</b>              |                      |              |              |
| Banc agus airgead tirim               |                      | 315          | 317          |
| Réamhíocaíochtaí                      | 2.3                  | 48           | 66           |
| <b>Iomlán na sócmhainn reatha</b>     |                      | <b>363</b>   | <b>383</b>   |
| <b>Lúide dliteanais reatha</b>        |                      |              |              |
| Speansais fhabhráithe                 |                      | 26           | 9            |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim |                      | 280          | 300          |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste            | 2.4                  | 35           | 17           |
| <b>Iomlán na dliteanais reatha</b>    |                      | <b>341</b>   | <b>326</b>   |
| <b>Glansócmhainní reatha</b>          |                      | <b>22</b>    | <b>57</b>    |
| <b>Glansócmhainní</b>                 |                      | <b>623</b>   | <b>336</b>   |
| <b>Arna léiriú ag:</b>                |                      |              |              |
| <b>Cuntas maoinithe Stáit</b>         | 2.5                  | <b>623</b>   | <b>336</b>   |

**2.1 Property, plant and equipment <sup>a</sup>**

|                                        | <b>Trealamh<br/>Oifige<br/>agus TF<br/>€000</b> | <b>Troscáin<br/>agus<br/>feisteas<br/>€000</b> | <b>Iomlán<br/><br/>€000</b> |
|----------------------------------------|-------------------------------------------------|------------------------------------------------|-----------------------------|
| <b>Costas nó luacháil <sup>b</sup></b> |                                                 |                                                |                             |
| Amhail an 1 Eanáir 2023                | 139                                             | 7                                              | 146                         |
| Breiseanna                             | —                                               | —                                              | —                           |
| Diúscairtí                             | —                                               | —                                              | —                           |
| Amhail an 31 Nollaig 2023              | 139                                             | 7                                              | 146                         |
| <b>Dímheas carntha</b>                 |                                                 |                                                |                             |
| Amhail an 1 Eanáir 2023                | 102                                             | 3                                              | 105                         |
| Dímheas don bhliain                    | 22                                              | 1                                              | 23                          |
| Amhail an 31 Nollaig 2023              | 124                                             | 4                                              | 128                         |
| <b>Glansócmhainní</b>                  |                                                 |                                                |                             |
| <b>Amhail an 31 Nollaig 2023</b>       | <b>15</b>                                       | <b>3</b>                                       | <b>18</b>                   |
| Amhail an 31 Nollaig 2022              | 37                                              | 4                                              | 41                          |

Nóta <sup>a</sup> An 1 Eanáir 2023, aistríodh bogearraí faighte agus forbartha chuig Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)

<sup>b</sup> Áirítear le costas nó luacháil ag tús agus deireadh na bliana sócmhainní a fuarthas ar chostas is lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021

**2.2 Sócmhainní doláimhsithe**

|                                   | <b>Ceadúnais<br/>bhogearraí<br/>faighte agus<br/>bogearraí<br/>forbartha<br/>€000</b> | <b>Sócmhainní<br/>doláimhsithe<br/>á bhforbairt<br/>€000</b> | <b>Iomlán<br/>€000</b> |
|-----------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------|------------------------|
| <b>Ollsócmhainní</b>              |                                                                                       |                                                              |                        |
| Amhail an 1 Eanáir 2023           | 139                                                                                   | 163                                                          | 302                    |
| Breiseanna                        | —                                                                                     | 379                                                          | 379                    |
| Aistrithe                         | 542                                                                                   | (542)                                                        | —                      |
| Diúscairtí                        | —                                                                                     | —                                                            | —                      |
| <b>Amhail an 31 Nollaig 2023</b>  | <b>681</b>                                                                            | <b>—</b>                                                     | <b>681</b>             |
| <b>Amúchadh Carntha</b>           |                                                                                       |                                                              |                        |
| Amhail an 1 Eanáir 2023           | 64                                                                                    | —                                                            | 64                     |
| Amúchadh don bhliain <sup>b</sup> | 34                                                                                    | —                                                            | 34                     |
| <b>Amhail an 31 Nollaig 2023</b>  | <b>98</b>                                                                             | <b>—</b>                                                     | <b>98</b>              |
| <b>Glansócmhainní</b>             |                                                                                       |                                                              |                        |
| <b>Amhail an 31 Nollaig 2023</b>  | <b>583</b>                                                                            | <b>—</b>                                                     | <b>583</b>             |
| Amhail an 31 Nollaig 2022         | 75                                                                                    | 163                                                          | 283                    |

Nóta <sup>a</sup> An 1 Eanáir 2023, aistríodh costas, dímhéas carntha agus glanluach leabhar na sócmhainní doláimhsithe a léiríonn fáil agus forbairt bogearraí ó Mhaoin, gléasra agus trealamh.

**2.3 Réamhíocaíochtaí**

| amhail an 31 Nollaig         | <b>2023<br/>€000</b> | <b>2022<br/>€000</b> |
|------------------------------|----------------------|----------------------|
| Seirbhísí agus Tacaíocht TFC | 30                   | 37                   |
| Costais eile riaracháin      | 18                   | 29                   |
|                              | <b>48</b>            | <b>66</b>            |

**2.4 Glannmhaoiniú ón Státchiste**

| amhail an 31 Nollaig                   | <b>2023</b> | <b>2022</b> |
|----------------------------------------|-------------|-------------|
|                                        | <b>€000</b> | <b>€000</b> |
| Farasbarr le géilleadh                 | 688         | 516         |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (653)       | (499)       |
| <b>Glanmhaoiniú ón Státchiste</b>      | <b>35</b>   | <b>17</b>   |

**Arna léiriú ag:****Féichiúnaithe**

|                         |     |     |
|-------------------------|-----|-----|
| Banc agus airgead tirim | 315 | 317 |
|-------------------------|-----|-----|

**Creidiúnaithe**

|                                       |           |           |
|---------------------------------------|-----------|-----------|
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | (280)     | (300)     |
|                                       | <b>35</b> | <b>17</b> |

**2.5 Cuntas maoinithe Stáit**

|                                                   | Nóta   | <b>2023</b> | <b>2022</b> |
|---------------------------------------------------|--------|-------------|-------------|
|                                                   |        | <b>€000</b> | <b>€000</b> |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir                       |        | 336         | 235         |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta                            |        |             |             |
| Soláthar meastacháin                              | Cuntas | 3,621       |             |
| Farasbarr le géilleadh                            | Cuntas | (688)       |             |
| Vóta glan                                         |        | 2,933       | 2,927       |
| Caiteachas (airgid tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1    | 634         | 636         |
| Glanchoistas cláir                                | 1      | (3,280)     | (3,462)     |
| <b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>              |        | <b>623</b>  | <b>336</b>  |

**2.6 Gealltanais**

| <b>Ceangaltais dhomhanda</b>                              | <b>2023</b> | <b>2022</b> |
|-----------------------------------------------------------|-------------|-------------|
| amhail an 31 Nollaig                                      | <b>€000</b> | <b>€000</b> |
| Soláthar earraí agus seirbhísí                            | 358         | 728         |
| <b>Líon iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí</b> | <b>358</b>  | <b>728</b>  |

### Nóta 3 Caiteachas Vóta

#### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas chlár uile rangaithe mar chaiteachas riarachán.

|     |                                                   | <b>2023</b>                 |               | <b>2022</b>   |
|-----|---------------------------------------------------|-----------------------------|---------------|---------------|
|     |                                                   | <b>Soláthar meastacháin</b> | <b>Toradh</b> | <b>Toradh</b> |
|     |                                                   | <b>€000</b>                 | <b>€000</b>   | <b>€000</b>   |
| i   | Tuarastail, pá agus liúntais                      | 2,934                       | 2,365         | 2,511         |
| ii  | Taisteal agus cothú                               | 6                           | —             | 5             |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | 100                         | 59            | 71            |
| iv  | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide            | 18                          | 4             | 6             |
| v   | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha     | 465                         | 452           | 266           |
| vi  | Costais áitribh oifige                            | 22                          | 24            | 21            |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile  | 160                         | 83            | 109           |
|     |                                                   | <b>3,705</b>                | <b>2,987</b>  | <b>2,989</b>  |

### Nóta 4 Fáltais

#### 4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair

|               |                                                                                  | <b>2023</b>   |                 | <b>2022</b>     |
|---------------|----------------------------------------------------------------------------------|---------------|-----------------|-----------------|
|               |                                                                                  | <b>Measta</b> | <b>Réadaith</b> | <b>Réadaith</b> |
|               |                                                                                  | <b>€000</b>   | <b>€000</b>     | <b>€000</b>     |
| 1             | Fáltais ó rannfocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 83            | 53              | 59              |
| 2             | Ilghnéitheach                                                                    | 1             | 1               | 3               |
| <b>Iomlán</b> |                                                                                  | <b>84</b>     | <b>54</b>       | <b>62</b>       |

## Nóta 5, Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Comhionann le fostaithe lánaimseartha | 2023      | 2022      |
|---------------------------------------|-----------|-----------|
| Líon foirne ag deireadh na bliana     | <u>33</u> | <u>34</u> |

### 5.2 Pá

|                                                                            | 2023                | 2022                |
|----------------------------------------------------------------------------|---------------------|---------------------|
|                                                                            | €000                | €000                |
| Pá                                                                         | 2,047               | 2,207               |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 43                  | 40                  |
| Ragobair                                                                   | 53                  | 28                  |
| ÁSPC Fostóra                                                               | 222                 | 236                 |
| <b>Pá iomlán</b>                                                           | <b><u>2,365</u></b> | <b><u>2,511</u></b> |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

|                                                                            | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó |        |
|----------------------------------------------------------------------------|-----------------------|----------------------------------------|---------------------------|--------|
|                                                                            |                       |                                        | 2023                      | 2022   |
|                                                                            |                       |                                        | €                         | €      |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 9                     | 2                                      | 15,991                    | 9,886  |
| Ragobair                                                                   | 21                    | 1                                      | 12,612                    | 4,240  |
| Luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin                       | 4                     | 1                                      | 18,326                    | 14,126 |

### 5.4 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €1,300 (2022: €1,250) san iomlán ar scéimeanna moltaí foirne. Rinneadh 26 (2022: 25) dámhachtain ar leithigh de €50.

### 5.5 Foireann an Choimisiúin de réir banda pá

Seo a leanas líon na bhfostaithe de chuid an Choimisiúin ar thit a sochair d'fhostaithe iomlána (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 os cionn €60,000.

| Banda pá (€) |         | Líon na bhfostaithe |      |
|--------------|---------|---------------------|------|
| Ón           | Go      | 2023                | 2022 |
| 20,000       | 59,999  | 21                  | 20   |
| 60,000       | 69,999  | 3                   | —    |
| 70,000       | 79,999  | 2                   | 4    |
| 80,000       | 89,999  | —                   | 1    |
| 90,000       | 99,999  | —                   | 3    |
| 100,000      | 109,999 | 1                   | 2    |
| 110,000      | 119,999 | 5                   | —    |
| 150,000      | 159,999 | —                   | —    |
| 160,000      | 169,999 | —                   | —    |
| 170,000      | 179,999 | —                   | 2    |
| 180,000      | 189,999 | —                   | —    |
| 190,000      | 199,999 | —                   | 1    |
| 200,000      | 209,999 | 1                   | —    |

### 5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais:

|             | 2023 | 2022 |
|-------------|------|------|
|             | €000 | €000 |
| Pá bunúsach | 201  | 195  |
|             | 201  | 195  |

Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim aoisliúntais iar-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime pinsin sin.

## Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

### 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais íoctha ag an gCoimisiún sa bhliain

|                                                               | Éilimh ag                             |                                                         | Iomlán<br>2023 | Iomlán<br>2022 |
|---------------------------------------------------------------|---------------------------------------|---------------------------------------------------------|----------------|----------------|
|                                                               | fostaithe<br>(díobháil<br>phearsanta) | baill an<br>phobail<br>(athbhreithniú<br>bhreithiúnach) |                |                |
| Líon na gcásanna                                              | —                                     | 2                                                       | 2              | 4              |
|                                                               | €000                                  | €000                                                    | €000           | €000           |
| Costais dlí an Choimisiúin                                    |                                       | 52                                                      | 52             | 51             |
| Íocaíochtaí déanta ag an gCoimisiún/thar ceann an Choimisiúin |                                       |                                                         |                |                |
| Cúiteamh                                                      | —                                     | —                                                       | —              | —              |
| Costais dlí                                                   | —                                     | —                                                       | —              | 30             |
| Costais eile                                                  | —                                     | —                                                       | —              | —              |
| <b>Iomlán 2023</b>                                            | <b>—</b>                              | <b>52</b>                                               | <b>52</b>      | <b>81</b>      |
| Iomlán 2022                                                   | 30                                    | 51                                                      | 81             |                |

Nóta Amhail an 31 Nollaig 2023, tá dhá athbhreithniú bhreithiúnach amuigh (2022: cás amháin).

### Costas carnach na gcásanna a críochnaíodh in 2023

|                                                               | Éilimh ag                             |                                                         | Iomlán    |
|---------------------------------------------------------------|---------------------------------------|---------------------------------------------------------|-----------|
|                                                               | fostaithe<br>(díobháil<br>phearsanta) | baill an<br>phobail<br>(athbhreithniú<br>bhreithiúnach) |           |
| Líon na gcásanna                                              | —                                     | 2                                                       | 2         |
|                                                               | €000                                  | €000                                                    | €000      |
| Costais dlí an Choimisiúin                                    | —                                     | 58                                                      | 58        |
| Íocaíochtaí déanta ag an gCoimisiún/thar ceann an Choimisiúin |                                       |                                                         |           |
| Cúiteamh                                                      | —                                     | —                                                       | —         |
| Costais dlí                                                   | —                                     | —                                                       | —         |
| Costais eile                                                  | —                                     | —                                                       | —         |
| <b>Iomlán</b>                                                 | <b>—</b>                              | <b>58</b>                                               | <b>58</b> |